CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/488 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Márta 2021

lena leasaítear Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2020/174 agus (AE) 2020/1167 a mhéid a bhaineann le húsáid na dteicneolaíochtaí nuálacha formheasta i ngluaisteáin paisinéirí agus i bhfeithiclí tráchtála éadroma atá in ann oibriú le gás peitriliam leachtaithe, le gás nádúrtha comhbhrúite agus le E85

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear caighdeáin astaíochta CO_2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Iúil 2020, chuir na monaróirí Škoda Auto a.s, Ford-Werke GmbH, Groupe Renault, FCA Italy S.p.A, SEAT S.A., Volkswagen AG, Automobiles Citroen, Automobiles Peugeot, PSA Automobiles SA agus OPEL Automobile GmbH iarraidh isteach go comhpháirteach, de bhun Airteagal 12a de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 725/2011 ón gCoimisiún ([2]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 427/2014 ón gCoimisiún ([3]), iarraidh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/174 ón gCoimisiún ([4]) a leasú chun ailtéarnóirí éifeachtúla 12 Volta arna bhformheas mar theicneolaíocht nuálach faoin gCinneadh sin a úsáid freisin i ngluaisteáin paisinéirí a chumhachtaítear le hinnill dócháin inmheánaigh agus i bhfeithiclí tráchtála éadroma atá in ann oibriú le gás peitriliam leachtaithe (GPL), le gás nádúrtha comhbhrúite (GNC) agus le E85.

(2) An 11 Nollaig 2020, chuir na monaróirí Ford-Werke GmbH, Honda Motor Europe Ltd agus Renault SA iarraidh isteach go comhpháirteach, de bhun Airteagal 12a de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 725/2011 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 427/2014, iarraidh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167 ón gCoimisiún ([5]) a leasú chun mótar-ghineadóirí éifeachtúla 48 Volta atá cumaiscthe le tiontairí 48 Volta/DC 12 Volta/DC, arna bhformheas mar theicneolaíocht nuálach faoin gCinneadh sin, a úsáid freisin in innill dócháin inmheánaigh agus i ngluaisteáin paisinéirí hibrideacha leictreacha agus i bhfeithiclí tráchtála éadroma atá in ann oibriú le GPL, GNC agus E85.

(3) Rinne an Coimisiún measúnú ar an dá iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/631, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 725/2011, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 427/2014 chomh maith leis na Treoirlínte Teicniúla maidir le hiarratais ar fhormheas teicneolaíochtaí nuálacha a ullmhú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 (leagan Iúil 2018) ([6]).

([1]) IO L 111, 25.4.2019, lch. 13.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 725/2011 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2011 lena mbunaítear nós imeachta maidir le teicneolaíochtaí nuálacha a cheadú agus a dheimhniú i ndáil le hastaíochtaí CO_2 ó ghluaisteáin paisinéirí a laghdú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 194, 26.7.2011, lch. 19).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 427/2014 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2014 lena mbunaítear nós imeachta maidir le teicneolaíochtaí nuálacha a cheadú agus a dheimhniú i ndáil le hastaíochtaí CO_2 ó fheithiclí tráchtála éadroma a laghdú de bhun Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 125, 26.4.2014, lch. 57).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/174 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2020 maidir le formheas na teicneolaíochta a úsáidtear in ailtéarnóirí éifeachtúla 12 Volta lena húsáid i ngluaisteáin áirithe paisinéirí agus i bhfeithiclí tráchtála éadroma mar theicneolaíocht nuálach de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 35, 7.2.2020, lch. 13).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2020 maidir le formheas na teicneolaíochta a úsáidtear i mótar-ghineadóir éifeachtúil 48 Volta atá cumaiscthe le tiontaire 48 Volta/DC 12 Volta/DC lena húsáid i ngnáthinneall dócháin agus i ngluaisteáin paisinéirí hibrideacha leictreacha áirithe agus i bhfeithiclí tráchtála éadroma mar theicneolaíocht nuálach de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 258, 7.8.2020, lch. 15)

([6]) https://circabc.europa.eu/sd/a/a19b42c8-8e87-4b24-a78b-9b70760f82a9/July%202018%20Technical%20Guidelines.pdf

(4) Ós rud é go mbaineann an dá iarraidh le soiléiriú maidir le húsáid teicneolaíochtaí nuálacha i bhfeithiclí atá in ann oibriú le GPL, GNC agus E85, is iomchuí aghaidh a thabhairt ar na hiarrataí sin in aon Chinneadh Cur Chun Feidhme amháin.

(5) A mhéid a bhaineann leis an dá iarraidh, is iomchuí a shoiléiriú go bhféadfar coigiltis CO_2 ó na teicneolaíochtaí nuálacha a chinneadh freisin nuair a bheidh siad feistithe ar fheithiclí a chaitheann GPL, GNC agus E85. Faoi réir fachtóirí áirithe a chur isteach a bhaineann go sonrach le breosla, meastar dá bhrí sin gurb iomchuí na modheolaíochtaí chun na coigiltis CO_2 a chinneadh, mar a leagtar amach iad i gCinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2020/174 agus (AE) 2020/1167, chun na coigiltis CO_2 a chinneadh a bhaineann le húsáid na dteicneolaíochtaí nuálacha faoi seach le haghaidh feithiclí a chumhachtaítear leis na breoslaí sin.

(6) A mhéid a bhaineann le E85, toisc nach bhfuil sé ar fáil ach go teoranta ar mhargadh an Aontais ina iomláine, ní iomchuí, áfach, idirdhealú a dhéanamh idir an cineál breosla sin agus peitreal chun críche na modheolaíochtaí chun na coigiltis CO_2 a chinneadh.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2020/174 agus (AE) 2020/1167 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/174

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/174 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) feistítear é i ngluaisteáin paisinéirí a chumhachtaítear le hinneall dócháin inmheánaigh (M_1) agus i bhfeithiclí tráchtála éadroma (N_1) atá in ann oibriú le peitreal, díosal, gás peitriliam leachtaithe (GPL), gás nádúrtha comhbhrúite (GNC) nó le E85 nó le cumaisc de na breoslaí sin;";

(b) leasaítear pointe (c) mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (i) agus (ii):

"(i) 73,8 % le haghaidh feithiclí a chaitheann peitreal nó E85 seachas na feithiclí sin atá turbaluchtaithe;

(ii) 73,4 % le haghaidh feithiclí turbaluchtaithe a chaitheann peitreal nó E85;";

(ii) cuirtear na pointí (iv) go (vii) seo a leanas isteach:

"(iv) 74,6 % le haghaidh feithiclí a chaitheann GPL seachas na feithiclí sin atá turbaluchtaithe;

(v) 74,1 % le haghaidh feithiclí turbaluchtaithe a chaitheann GPL;

(vi) 76,3 % le haghaidh feithiclí a chaitheann GNC seachas na feithiclí sin atá turbaluchtaithe;

(vii) 75,7 % le haghaidh feithiclí turbaluchtaithe a chaitheann GNC.";

(2) in Airteagal 3, cuirtear isteach an mhír 3a seo a leanas:

"3a. I gcás ina bhfuil an teicneolaíocht nuálach feistithe i bhfeithicil débhreosla nó ilbhreosla, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe na coigiltis CO_2 a thaifeadadh mar a leanas:

(a) i gcás feithicil débhreosla a úsáideann peitreal agus breoslaí gásacha, an luach coigiltis CO_2 maidir le GPL nó GNC;

(b) i gcás feithicil ilbhreosla a úsáideann peitreal agus E85, an luach coigiltis CO_2 maidir le peitreal.";

(3) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) feistítear é i ngluaisteáin paisinéirí (M_1) nó i bhfeithiclí tráchtála éadroma (N_1) a bhfuil na saintréithe seo a leanas acu:

(i) feithiclí a chumhachtaítear le hinnill dócháin inmheánaigh (feithiclí gnáth-inneall dócháin inmheánaigh) atá in ann oibriú le peitreal, díosal, gás peitriliam leachtaithe (GPL), gás nádúrtha comhbhrúite (GNC) nó le E85 nó le cumaisc de na breoslaí sin;

(ii) feithiclí hibrideacha leictreacha a luchtaítear go neamhsheachtrach atá in ann oibriú leis na breoslaí dá dtagraítear i bpointe (i) ar féidir luachanna ídithe breosla agus astaíochtaí CO_2 neamhcheartaithe a úsáid ina leith i gcomhréir le pointe 1.1.4. d'Aguisín 2 d'Fhoscríbhinn 8 a ghabhann le hIarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1151.";

(b) leasaítear pointe (b) mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí agus (ii):

"(i) 73,8 % le haghaidh feithiclí a chaitheann peitreal nó E85 seachas na feithiclí sin atá turbaluchtaithe;

(ii) 73,4 % le haghaidh feithiclí turbaluchtaithe a chaitheann peitreal nó E85;";

(ii) cuirtear na pointí (iv) go (vii) seo a leanas isteach:

"(iv) 74,6 % le haghaidh feithiclí a chaitheann GPL seachas na feithiclí sin atá turbaluchtaithe;

(v) 74,1 % le haghaidh feithiclí turbaluchtaithe a chaitheann GPL;

(vi) 76,3 % le haghaidh feithiclí a chaitheann GNC seachas na feithiclí sin atá turbaluchtaithe;

(vii) 75,7 % le haghaidh feithiclí turbaluchtaithe a chaitheann GNC.";

(2) in Airteagal 3, cuirtear isteach an mhír 3a seo a leanas:

"3a. I gcás ina bhfuil an teicneolaíocht nuálach feistithe i bhfeithicil débhreosla nó ilbhreosla, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe na coigiltis CO_2 a thaifeadadh mar a leanas:

(a) i gcás feithicil débhreosla a úsáideann peitreal agus breoslaí gásacha, an luach coigiltis CO_2 maidir le GPL nó GNC;

(b) i gcás feithicil ilbhreosla a úsáideann peitreal agus E85, an luach coigiltis CO_2 maidir le peitreal."

(3) Leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/174 mar a leanas:

(1) leasaítear pointe 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 2:

"Tábla 2

Ídiú cumhachta éifeachtaí

An cineál innill	Ídiú cumhachta éifeachtaí (V_{pe}) [l/kWh]
Peitreal/E85	0,264
Peitreal/Turba-E85	0,280
Díosal	0,220
GPL	0,342
Turba-GPL	0,363
	Ídiú cumhachta éifeachtaí (V_{pe}) [m^3/kWh]
GNC (G20)	0,259
Turba-GNC (G20)	0,275"

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 3:

"Tábla 3

Fachtóir coinbhéartachta breosla (FC)

An cineál breosla	Fachtóir coinbhéartachta (FC) [gCO_2/l]
Peitreal/E85	2 330
Díosal	2 640
GPL	1 629
	Fachtóir coinbhéartachta (FC) [gCO_2/m^3]
GNC (G20)	1 795";

(2) leasaítear pointe 8 mar a leanas:

cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 4:

"Tábla 4

Ceartú CO_2 de bharr na maise breise

Peitreal/E85 (ΔCO_{2mP}) [g CO_2/km]	0,0277•Δm
Díosal (ΔCO_{2mD}) [g CO_2/km]	0,0383•Δm
GPL (ΔCO_{2mLPG}) [g CO_2/km]	0,0251•Δm
GNC ($\Delta CO2_{mCNG(G20)}$) [g CO_2/km]	0,0209•Δm".

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167 mar a leanas:

(1) i bpointe 3.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Tháblaí 2 agus 3:

"Tábla 2

Ídiú cumhachta éifeachtaí

An cineál innill	Ídiú cumhachta éifeachtaí (V_{pe}) [l/kWh]
Peitreal/E85	0,264
Peitreal/Turba-E85	0,280
Díosal	0,220
GPL	0,342
Turba-GPL	0,363
	Ídiú cumhachta éifeachtaí (V_{pe}) [m^3/kWh]
GNC (G20)	0,259
Turba-GNC (G20)	0,275

Tábla 3

Fachtóir coinbhéartachta breosla (FC)

An cineál breosla	Fachtóir coinbhéartachta (FC) [gCO_2/l]
Peitreal/E85	2 330
Díosal	2 640
GPL	1 629
	Fachtóir coinbhéartachta (FC) [gCO_2/m^3]
GNC (G20)	1 795";

(2) i bpointe 3.5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 4:

"Tábla 4

Ceartú CO_2 de bharr na maise breise

Peitreal/E85 (ΔCO_{2mP}) [g CO_2/km]	0,0277•Δm
Díosal (ΔCO_{2mD}) [g CO_2/km]	0,0383•Δm
GPL (ΔCO_{2mLPG}) [g CO_2/km]	0,0251•Δm
GNC ($\Delta CO_{2mCNG(G20)}$) [g CO_2/km]	0,0209•Δm".